Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Samhain 2023
(OR. en)

15151/23

SOC 743
EMPL 530
EDUC 421
ECOFIN 1143

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Seimeastar Eorpach 2024: An chómhargáil ghlas<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 27 Samhain 2023.

**An Seimeastar Eorpach 2024: An chómhargáil ghlas**

*Díospóireacht bheartais*

| **NÓTA TREORACH DON PHLÉ** |
|---|
| **'Cómhargáil ghlas le haghaidh aistriú glas cóir'** |

Is saincheisteanna lárnacha anois iad dícharbónú an gheilleagair, éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus, ar bhonn níos ginearálta, an t-athrú aeráide, ar chlár oibre polaitiúil an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát. Is léir sin ón gComhaontú Glas don Eoraip agus ó na tionscnaimh éagsúla laistigh de — mar shampla an pacáiste *Oiriúnach do 55* — a rannchuidíonn leis aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, mar a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, agus na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas, lena n-áirítear *REPowerEU* agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i gcomhthéacs chistí *NextGenerationEU*.

Is é an t-aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta príomhdhúshlán ár linne agus is dúshlán leathan é, a bhfuil tionchar aige ar go leor réimsí, lena n-áirítear gnóthaí saothair agus sóisialta. Ní féidir le fostaíocht fheabhsaithe, dálaí oibre cuibhiúla agus cosaint an chomhshaoil a bheith in iomaíocht lena chéile. Os a choinne sin, tá siad fite fuaite ina chéile, comhlánaíonn siad a chéile agus tá siad mar bhonn le clár oibre coiteann chun freastal ar dhea-bhail na sochaí agus ar riachtanais cuideachtaí agus oibrithe. Ní mór an Comhaontú Glas don Eoraip agus an ghníomhaíocht i dtreo Aontas Sóisialta a bheith curtha in iúl go cuí agus tairbheach don dá thaobh ar gach leibhéal. Aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta freisin a thábhachtaí atá an t-aistriú glas agus a thionchar ar chearta sóisialta agus ar dhúshláin fostaíochta.

Cruthaíonn an t-aistriú glas idir dheiseanna agus dúshláin i ndáil le fostaíocht agus dálaí oibre, agus beidh tionchar níos mó acu sin sna blianta amach romhainn. Mar is amhlaidh i réimsí eile, ní mór ról lárnach a bheith ag an idirphlé sóisialta idir na hinstitiúidí Eorpacha, rialtais agus comhpháirtithe sóisialta trasearnála agus earnála maidir le beartais chomhshaoil agus fuinnimh a shainiú agus a chur chun feidhme; ina theannta sin, ar bhonn níos ginearálta, ní mór ról a bheith ag na beartais uile a bhaineann leis an aistriú glas, mar gheall ar a dtionchar ar fhostaíocht agus ar dhálaí oibre.

Ar an gcúis sin, i Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, lena bhféachtar le hathmhachnamh a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha an aistrithe ghlais, iarradh ar na Ballstáit pacáistí beart a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun aistriú cóir a chur chun cinn i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Go háirithe, meastar go bhfuil na pacáistí beartais cinntitheach maidir le gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú leis na daoine, na hearnálacha agus na críocha is mó a dtéann an t-aistriú glas i bhfeidhm orthu. Is fíor sin go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil beartais shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú fuinnimh fós ag céim an-luath i bhformhór na mBallstát, agus tá an t-idirphlé sóisialta ríthábhachtach chun go bhforbrófar go héifeachtach iad.

Mar a luadh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2023 dar teideal 'An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú', is den ríthábhacht idirphlé sóisialta fóinteach agus cómhargáil éifeachtach a bheith ann chun réitigh chóra a shainaithint atá comhroinnte ag gnólachtaí agus ceardchumainn chun aistriú cóir chuig geilleagar dícharbónaithe a spreagadh agus chun Eoraip ghlas shóisialta a chur chun cinn.

Thairis sin, ní mór do na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta déphháirteach agus trípháirteach, lena n-áirítear cómhargáil ar gach leibhéal, lena n-áirítear rannphháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ar bhealach córasach fóinteach tráthúil, agus beartais fostaíochta agus shóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, beartais eacnamaíocha agus beartais phoiblí eile á gceapadh agus á gcur chun feidhme, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

Ag an Seisiún Iomlánach de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023, glacadh Tuairim dar teideal 'An chómhargáil ghlas: dea- chleachtais agus an bealach chun cinn'[1].

Sa Tuairim seo, sonraíonn CESE nach 'mór na modhanna cuí a bheith ag gnólachtaí agus ag oibrithe má tá siad chun bheith páirteach in iarrachtaí chun tacú le cosaint an chomhshaoil agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac'. Agus urraim á tabhairt do ról an chaidrimh thionsclaíoch náisiúnta agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, is bealach é an chómhargáil ghlas a chur chun cinn chun aird a thabhairt ar an aistriú glas.

1 https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/green-collective-bargaining

Measann CESE go dtagraíonn an plé ar shaincheisteanna comhshaoil i gcomhthéacs na cómhargála do chlásail inchaibidle — mar a léirítear sna samplaí sna foscríbhinní a ghabhann leis an Tuairim thuas — idir na comhpháirtithe sóisialta i gcomhthéacs comhaontuithe comhchoiteanna a bhfuil tionchar díreach agus indíreach acu ar an gcomhshaol. Féadfaidh na clásail sin, i measc nithe eile, na nithe seo a leanas a chumhdach:

(a) an tionchar atá ag gníomhaíocht ghnó ar an gcomhshaol.

(b) oibrithe a chosaint ar éifeachtaí an athraithe comhshaoil agus aeráide.

(c) tionchar an aistrithe ghlais ar ghníomhaíocht ghnó ó thaobh eagrú na hoibre, athruithe ar phróifílí gairmiúla agus scileanna oibrithe de.

(d) faireachán inmheánach ar chur chun feidhme na gcoinníollacha atá i bpointí (a), (b), agus (c).

I measc na gconclúidí agus na moltaí eile atá sa Tuairim, iarrann CESE ar an Aontas agus ar na Ballstáit leanúint de thuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do thionscnaimh a spreagfaidh cuideachtaí agus oibrithe dul in oiriúint don aistriú glas, agus breithniú a dhéanamh, i measc bearta eile, mar choincheap, ar fhostaithe tarmligthe a ghníomhódh mar ionadaithe aistrithe comhshaoil nó mar phointí teagmhála maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an aistriú comhshaoil agus éiceolaíochta san ionaid oibre.

Ar an leibhéal trasearnála Eorpach, tugadh aghaidh ar an aistriú glas agus ar na dúshláin a ghabhann leis i saol na hoibre, mar shampla, sa Ráiteas ó Chomhpháirtithe Sóisialta na hEorpa an 30 Bealtaine 2017 maidir le leas a bhaint as an acmhainneacht a bhaineann leis an ngeilleagar a ghlasú chun poist a chruthú[2], nó i Moltaí an 9 Nollaig 2021 maidir leis an ngeilleagar ciorclach faoi chuimsiú an idirphlé shóisialta[3].

D'ainneoin na dtionscnamh thuasluaite, d'fhéadfaí ról an idirphlé shóisialta agus na cómhargála maidir le haistriú cóir glas a bhainistiú agus a áirithiú a neartú a thuilleadh.

---

[2] https://www.businesseurope.eu/sites/buseur/files/media/position_papers/social/2017-05-30_european_social_partners_statement_on_greening_economy_for_jobs_creation.pdf

[3] https://resourcecentre.etuc.org/sites/default/files/2021-11/Final%20report%20circular%20ecenomy_Recommendations_v3_0.pdf

I bhfianaise roinnt comhaontuithe atá ann cheana i roinnt earnálacha agus cuideachtaí Eorpacha, a luaitear sa Tuairim thuasluaite ó CESE, is gá bogadh i dtreo cómhargáil ghlas ina bhfuil ról suntasach ag na comhpháirtithe sóisialta, ar leibhéil éagsúla margála, maidir le cuideachtaí a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos táirgiúla, agus a bheith fréamhaithe in obair chuibhiúil.

D'fhéadfadh an t-ábhar a leanas a bheith sa chómhargáil ghlas:

- tionchar an aistrithe ghlais ar an bhfostaíocht agus ar chomhtháthú críochach agus sóisialta;
- poist ghlasa a chruthú;
- aistrithe idir earnálacha éagsúla gníomhaíochta agus an sciliú agus an t-athsciliú oibrithe is gá;
- soghluaisteacht i gcathracha chun rochtain a fháil ar ionaid oibre;
- éifeachtúlacht fuinnimh i ngníomhaíocht tháirgiúil agus sa soláthar oibre;
- oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo trí ionadaithe a cheapadh maidir leis an aistriú glas nó trína rannpháirtíocht i gcoistí speisialaithe;
- oiliúint chomhshaoil a chur ar pháirtithe caibidlíochta na gcomhaontuithe comhchoiteanna.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin uile ó thaobh na hinscne de.

Ina theannta sin, is fiú machnamh a dhéanamh ar ról na cómhargála i ndáil le dálaí oibre córa a chruthú agus rioscaí ceirde a chosc i bhfianaise an athraithe aeráide, mar shampla cásanna teochtaí foircneacha nó feiniméin eile drochaimsire, i bhfianaise an mhórthionchair atá acu ar shláinte agus ar shábháilteacht oibrithe.

Ar deireadh, is féidir leis an gcómhargáil ghlas a bheith ina hionstraim oiriúnach chun daonlathas níos fearr a chur chun cinn ag an obair agus, ag an am céanna, ligean don Chomhaontú Glas don Eoraip agus don Aontas Sóisialta a chéile a chomhlánú, agus na cuspóirí a leagtar amach i gColún na gCeart Sóisialta á gcur san áireamh freisin.

**Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na hairí tuairimí maidir leis na ceisteanna a leanas a phlé**:

- Conas is féidir leis an gcómhargáil tacú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, an inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú agus tacú le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta? An bhfuil aon taithí agus dea-chleachtais a fuarthas le déanaí maidir leis an gcómhargáil ghlas i do Bhallstát?

- Agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú, cad iad na bearta a d'fhéadfadh an tAontas, na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta féin a dhéanamh chun an chómhargáil ghlas a chur chun cinn? Cén ról a d'fhéadfadh an Seimeastar Eorpach a imirt?